



An Bealach ar Aghaidh

Straitéis Bheartaithe maidir le hAschur Gaeilge RTÉ

Stillwater Communications, Eanáir 2012

Réamhrá.....	4
Roinn 1: Réimse an chraolacháin seirbhíse poiblí Gaeilge.....	5
Cúlra.....	5
Comhthéacs	5
Oibleagáid Dhlíthiúil.....	8
Léiriú soiléir.....	9
Beartas Gaeilge RTÉ	11
Cairt RTÉ maidir le Craolachán Seirbhíse Poiblí	11
Ráiteas Seirbhíse Poiblí (2010).....	11
Straitéis don Ghaeilge 2010-2030.....	12
Ról RTÉ mar atá leagtha amach sa Straitéis 20 Bliain	13
Normalú	14
Ag dul i dtreo straitéis Ghaeilge a chruthú	15
Roinn 2: Caoinfhuilngt dhea-mhéiniúil na Gaeilge in RTÉ.....	16
Teilifís RTÉ	16
Tuairimí an Lucht Bainistíochta.....	17
Rátálacha vs cúram seirbhíse poiblí.....	18
Raidió 1	19
Ábhar Gaeilge.....	19
Solúbthacht dátheangachais.....	19
Cláir a sholáthar do TG4	20
Nuacht RTÉ/Nuacht TG4	20
Nuacht RTÉ.....	20
Nuacht TG4	21
Raidió na Gaeltachta	22
Fíorluach RnaG	22
An Lucht Éisteachta.....	23
Lucht éisteachta náisiúnta nó áitiúil?	23
Tábhacht na Gaeltachta.....	24
Sceideal RTÉ RnaG.....	25
Éisteachtaí	25
Na dúshláin atá le sárú ag RnaG amach anseo	26
Facebook.....	26
Caidreamh RnaG le RTÉ.....	28

Cinntí eile	28
Maoiniúchán poiblí amháin a chinnteoidh craoltóireacht Ghaeilge	28
Tionchar na mbuiséad ar cháilíocht agus ar lucht éisteachta/féachana amach anseo	29
Critéir a ghabhann le leithroinnt acmhainní	29
Na critéir i leith céard é clár Gaeilge	30
Craoltóirí mar mhúinteoirí?	30
Roinn 3: Moltaí do RTÉ.....	31
Forléargas.....	31
Príomh-Mholtaí.....	31
Bá a chothú leis an teanga	32
Moltaí do RTÉ RnaG	33
Plean forbartha a chur i bhfeidhm	33
Díriú ar lucht éisteachta nua.....	34
Obair i gComhar	34
Forbairt Foirne	34
Moltaí do Theilifís RTÉ	34
Dátheangachas a Normalú agus a Chur Chun Cinn.....	35
Leas a bhaint as cláir TG4.....	35
Maoiniú Seachtrach	35
Aonad Gaeilge	36
Leas as an tsamhail coimisiúnaithe.....	36
Moltaí do Raidió RTÉ.....	36
Maoiniú seachtrach	36
Moltaí do Nuacht	37
An teacht atá ar ábhar a shruthlíniú	37
Seirbhís nuachta ar líne a fhorbairt.....	37
Gníomhaireacht Nuachta Gaeilge a Fhorbairt	38
Moltaí i ndáil le cláir a sholáthar do TG4	38
Achoimre ar thogra maidir le straitéis trí bliana RnaG	40
Seirbhís Ar Líne.....	41

Réamhrá

Tá ról ceannasach náisiúnta ag RTÉ, Craoltóir Seirbhíse Poiblí na hÉireann, maidir le soláthar agus craoladh clár Gaeilge do phobal na hÉireann.

Le blianta beaga anuas, tá athruithe suntasacha tar éis tarlú san earnáil chraolacháin lena n-áirítear timpeallacht nua reachtach, forbairt seirbhísí nua, athruithe ar mhúnlaí maoiniúcháin agus laghdú mór ar mhaoiniúchán tráchtála agus ar mhaoiniúchán ó tháillí ceadúnais. Tharla athruithe suntasacha freisin ar réimse an chraolacháin Gaeilge lena n-áirítear athruithe déimeagrafaíochta, oiriúnú teicneolaíochta agus an tionchar a ghabhann le beartas nua rialtais.

Is é atá sa doiciméad seo ná athbhreithniú ar léiriú agus ar chraoladh clár Gaeilge ag RTÉ sa chomhthéacs thuas. Dírionn an tuarascáil go príomha ar straitéis Ghaeilge a bhunú do RTÉ ar straitéis í a bheidh inchurtha i bhfeidhm thar a chuid seirbhísí go léir.

Chuíge sin, déantar scrúdú sa tuarascáil i dtaobh conas atá an tAcht Craolacháin 2009 agus Cairt Chraolacháin Seirbhíse Poiblí RTÉ á gcomhlíonadh ag RTÉ. Déantar scrúdú freisin i dtaobh conas a d'fhéadfadh RTÉ an ról a shamhlaítear don stáisiún sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030* a ghlac an rialtas le déanaí a chur i bhfeidhm.

Roinn 1: Réimse an chraolacháin seirbhíse poiblí Gaeilge

Cúlra

Is é RTÉ an craoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí. Tagann an stáisiún faoi rialú an Achta Craolacháin 2009. Treoraítear é trína Chairt féin maidir le Craolachán Seirbhíse Poiblí, trína Ráiteas Seirbhíse Poiblí agus tríd an straitéis 20 bliain don Ghaeilge atá glactha ag an Rialtas.

Tá oibleagáid ar RTÉ faoin Acht Craolacháin ábhar a ullmhú i nGaeilge. Déanann sé amhlaidh ar na bealaí seo a leanas:

1. Léiríonn agus craolann RTÉ ábhar ar Theilifís RTÉ, go formhór ar RTÉ a hAon.
2. Soláthraíonn RTÉ fad uair an chloig de chlár sa lá do TG4 agus is ábhar nuachta an leath de sin.
3. Craolann RTÉ Raidió na Gaeltachta (RnaG) raon iomlán clár Gaeilge ar bhonn náisiúnta ar feadh 24 huairé an chloig sa lá.
4. Craolann RTÉ Raidió a hAon ábhar Gaeilge.
5. Soláthraíonn RTÉ nuacht i nGaeilge ar theilifís RTÉ a hAon, ar Raidió 1, ar 2FM, ar Lyric FM agus ar TG4.
6. Soláthraíonn RTÉ roinnt ábhar Gaeilge ar a chuid seirbhísí ar líne agus ar láithreán gréasáin RnaG.

Comhthéacs

I dtaca le cúrsaí cultúir de, is saincheist íogair í don eagraíocht an Ghaeilge agus an tslí ina ndéileáilann RTÉ léi. Go traidisiúnta, bhíodh roinnt Gaeilgeoirí tiomanta ann i measc cheannasaithe sinsearacha RTÉ agus, dá bhrí sin, níor ghnáth déileáil le saincheist bheartas Gaeilge RTÉ ar an modh ina ndéileálfai le cuid mhór saincheisteanne eile. Is é a lean as sin ná marbhántacht institiúideach a d'fhág nach ndearnadh an beartas Gaeilge a uasdátú go foirmiúil chun forbairtí a bhí ag tarlú lasmuigh den eagraíocht a chur san áireamh amhail bunú TG4, na hathruithe ar dhéimeagrafaíocht na Gaeilge agus athruithe ar bheartas an rialtais. Dá bharr sin, is sean-saincheisteanne stairiúla iad

cuid mhór de na saincheisteanna a bhaineann le hábhar Gaeilge agus nach mór do lucht bainistíochta RTÉ aghaidh a thabhairt orthu agus níl siad ann mar thoradh ar aon bheartas reatha. Sa lá atá inniu ann, leantar d'ábhar Gaeilge a sholáthar thar an gcuid is mó de sheirbhísí RTÉ ach níl aon chomhchuspóir comhordaithe trasrannach ann maidir leis sin.

Níl aon chomhthuiscint ná comhaontú ann i measc na ndaoine sinsearacha sa lucht bainistíochta maidir le ról RTÉ i ndáil leis an nGaeilge. Le fírinne, tá gach cineál tuairimí ann san eagraíocht, is é sin le rá, ó fhíordhíograis i leith na teanga go fíornaimhdeas ina leith. Mar gheall ar an raon tuairimí sin, cé nach bhfuil sé bunoscionn leis na tuairimí atá ag daoine den daonra i gcoitinne, fágann sé gur deacair cur chuige comhchoiteann eagarthóireachta a shainnithint thar sheirbhísí RTÉ.

Aithníonn lucht bainistíochta RTÉ an méid sin agus is ionann an staidéar sin agus deis chun scrúdú a dhéanamh ar leithroinnt acmhainní don ábhar Gaeilge a sholáthraítear, chun breithniú a dhéanamh athuair ar chúraimí dlíthiúla agus ar chúraimí seirbhísí poiblí RTÉ agus chun scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna nua trína ndéanfaidh RTÉ feabhas a chur ar a aschur Gaeilge.

Tá dhá chur chuige ionchasacha ann a d'fhéadfadh RTÉ a ghlacadh maidir lena oibleagáid chun ábhar Gaeilge a sholáthar.

- A) An cur chuige reatha ar trína ndéantar míreanna ar leithligh ábhair a léiriú agus a mbuiséad féin agus a n-agaí ama féin a thabhairt dóibh. Is é is éifeacht leis sin, dáiríre, ná go ndéileáiltear leis an nGaeilge mar a dhéileáiltear le seánraí eile amhail cúrsaí reatha, spórt, nósanna maireachtála agus mar sin de.
- B) Is é atá sa chur chuige ionchasach eile ná an Ghaeilge a chomhtháthú thar gach réimse ábhair seachas agaí ama sonracha a thabhairt di.

Faoi láthair, is é an chéad chur chuige atá á chur i bhfeidhm ag RTÉ ar RTÉ a hAon agus ar Raidió 1, rud a fhágann go ndéantar Gaeilge a chraoladh ag agaí ama sainiúla a leithroinntear do chlár agus do nuacht. Dá réir sin, déileáiltear leis an nGaeilge mar a dhéileáiltear le seánraí eile amhail daoine óga, nósanna maireachtála, drámaíocht agus mar sin de. Ach tá ábhar Gaeilge éagsúil leis na seánraí eile sin sa mhéid gur teanga í seachas réimse ábhair. Ní mór cuimhneamh air sin le linn do RTÉ a bheith ag dul i dtreo straitéis a chomhaontú don stáisiún ar fad.

Laistigh de RTÉ, baineann cuid mhór den phlé a dhéantar faoi ábhar Gaeilge le costas an ábhair seachas le luach an ábhair. Den tríú bliain as a chéile, tá RTÉ ag streachailt le heasnamh measartha mór arb iad na nithe seo a leanas is cúis leis:

- Laghdú ollmhór ar ioncam tráchtála ó bhí an bhliain 2008 ann;
- Laghdú ar ioncam ó tháillí ceadúnas mar gheall ar bharrscoitheadh.

Tá laghdú á dhéanamh ar a méid faoi láthair agus tá laghdú á dhéanamh ar an líon foirne i ngach réimse. Faoi dheireadh Ráithe 1, 2012, beidh beagnach 200 duine tar éis RTÉ a fhágáil. Is ionann an líon sin agus beagnach 10% den fhoireann.

Is é a lean an brú sin ar fad ná athbhreithnithe leanúnacha ar oibríochtaí agus ar acmhainní uile RTÉ i dtaca le cost-éifeachtúlacht agus cost-éifeachtacht de agus i dtaca leis na riachtanais a bheidh ann amach anseo i ndáil le haschur. Ciallaíonn sé sin go bhfuiltear tar éis grinnscrúdú a dhéanamh athuair ar an ábhar Gaeilge atá á sholáthar. Le linn na bpléití sin, ní féidir neamhshuim a dhéanamh den luach atá ag an nGaeilge do RTÉ i dtéarmaí a chúraimí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh.

Oibleagáid Dhlíthiúil

De réir an dlí, tá oibleagáid ar RTÉ ábhar a chraoladh i nGaeilge.

Le halt 114 den Acht Craolacháin 2009, leagtar oibleagáid ar RTÉ chun an méid seo a leanas a sholáthar-

(a) réimse cuimsitheach clár Gaeilge agus Béarla a chur ar fáil a fhreagróidh d'éagsúlacht chultúir oileán na hÉireann uile ar réimse é ina mbeidh cláir lena gcuirtear siamsa, eolas agus oideachas ar fáil, lena gcuirtear tuairisciú ar ghníomhaíochtaí spóirt, reiligiúin agus cultúir ar fáil agus lena bhfreastalaítear ar ionchais an phobail i gcoitinne mar aon le hionchais daoine den phobal a bhfuil spéiseanna speisialta nó spéiseanna mionlaigh acu agus ar cláir iad, i ngach cás, lena léirítear meas ar dhínit an duine,

(b) cláir nuachta agus chúrsaí reatha Gaeilge agus Béarla a sholáthar, lena n-áirítear cláir lena soláthraítear tuairisciú ar imeachtaí i dTithe an Oireachtais agus i bParlaimint na hEorpa, agus

(c) léiriú cultúrtha comhaimseartha a éascú nó cúnaimh a thabhairt don chéanna agus nuáil agus turgnamh i gcráolachán a spreagadh nó a chur chun cinn.

Luaitear an méid seo a leanas in alt 120 den Acht Craolacháin 2009-

(1) Déanfaidh RTÉ bunábhar clár Gaeilge a chur ar fáil do TG4 de réir cibé méideanna agus cibé tráthanna a chomhaontóidh siad, ar méideanna agus tráthanna iad a mbeidh de thoradh orthu, ina dtuairim, méid is comhionann le huair an chloig de bhunábhar clár den sórt sin a bheith á chur ar fáil go laethúil ag RTÉ do TG4.

Ní mór do RTÉ na hailt thuas a léiriú mar chuid lárnach d'aon bheartas maidir leis an nGaeilge.

Seo a leanas sliocht as teachtaireacht ríomhphoist a fuarthas ó Eamonn Kennedy, Stiúrthóir Gnóthaí Dlíthiúla, RTÉ, mar chuid den staidéar seo agus tugtar achoimre ann ar an léiriú dlíthiúil a dhéanann RTÉ ar an Acht Craolacháin maidir leis an nGaeilge:

RTÉ's principal objects (and legal powers) are contained within section 114 of the Broadcasting Act. The obligation to provide an hour per day to TG4 exists in section 120(1) and is separate to the objects (obligations) in section 114.

While the object of providing a national television and radio service set out in section 114(a) is further explained in section 114(2)(a) (special regard for the Irish language) and particularly in section 114(3)(a) & (b) (comprehensive range of programmes in both languages & the provision of news and current affairs programmes in both languages), there is little guidance in the legislation as to how much Irish language programming has to be provided or in respect of the ways in which the obligation should be fulfilled. Logically given the requirement to have a TV and radio service, RTÉ believes that it is a requirement to have Irish language programmes on both media. However beyond that statement things become more uncertain. The use of the word "comprehensive" suggests that programming must cover a wide variety of genres and not just news, for example. If one asks the question: how many hours? there is no actual mandatory amount in the legislation. Unsurprisingly the Broadcasting Act has no guidance on the way programmes must be made in fulfillment of the obligation; does an introduction of a programme in Irish followed by a concert where the songs are in English count as an Irish language programme?

Léiriú soiléir

Níl tuiscint shoiléir ag RTÉ ar a chuid oibleagáidí dlíthiúla agus tá na hoibleagáidí sin faoi réir léirithe éagsúla. Mar shampla, d'fhéadfaí a rá nach bhfuil aon oibleagáid ar RTÉ seachas aon uair an chloig amháin sa lá a sholáthar do TG4 agus gurb ionann an méid sin agus "an réimse cuimsitheach clár". Os a choinne sin, d'fhéadfaí a rá go bhfuil oibleagáid ar RTÉ freisin soláthar comhchosúil a dhéanamh ar a bhealaí féin d'ainneoin soláthar a dhéanamh do TG4.

Is é an rud atá soiléir ná go bhfuil Teilifís RTÉ tar éis laghdú suntasach a dhéanamh, ón tráth a bunaíodh TG4, ar an aschur Gaeilge a chraoltar ar a bhealaí féin. Ní mór glacadh leis, dá bhrí sin, go measann RTÉ go gcomhlíontar an ceanglas dlíthiúil a bhaineann leis trí 'uair an chloig sa lá' a sholáthar do TG4 agus nach bhfuil sé faoi cheangal dlíthiúil ábhar Gaeilge a chraoladh ar a bhealaí féin.

D'fhéadfaí an rud céanna a rá faoi Raidió RTÉ i.e. nach measann sé go bhfuil gá le réimse cuimsitheach clár Gaeilge a sholáthar thar na seánraí go léir ar Raidió 1, ar 2FM nó ar Lyric FM mar gheall ar an méid clár Gaeilge a chraoltar ar RnaG.

Beartas Gaeilge RTÉ

Ar leith ó chineál ceangailteach an Achta Craolacháin, tá a bheartas inmheánach féin ag RTÉ maidir leis an nGaeilge de réir mar a leagtar amach sa Chairt maidir le Craolachán Seirbhíse Poiblí agus sa Ráiteas Seirbhíse Poiblí.

Cairt RTÉ maidir le Craolachán Seirbhíse Poiblí

Leagann an Chairt maidir le Craolachán Seirbhíse Poiblí amach an tiomantas foriomlán ach níl na mionsonraí chomh soiléir sin.

An Ghaeilge

Agus an dátheangachas i sochaí na hÉireann á léiriú aige, tacóidh RTÉ go gníomhach le húsáid na Gaeilge sa ghnáthshaol trí chlár oiriúnacha a tháirgeadh.

Agus

Tabharfaidh RTÉ sonraí maidir lena clár Ghaeilge agus maidir le seirbhísí Gaeilge eile ina Thuarascáil Bhliantúil

Ráiteas Seirbhíse Poiblí (2010)

Dearbhaítear mar a leanas sa Ráiteas Seirbhíse Poiblí (2010) a d'eisigh RTÉ:

Is é an sainordú is léir do RTÉ a bheith aige ná seirbhísí meán náisiúnta atá riachtanach do leas daonlathach an phobail a chur ar fáil. Caithfidh na seirbhísí sin a chinntiú go scaiptear eolas ar chúrsaí náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta i mBéarla agus i nGaeilge.

Leantar ar aghaidh agus déantar an gealltanais seo a leanas:

Seirbhísí Gaeilge agus Béarla araon a chur ar fáil

Níl aon léiriú comhchoiteann ná tuiscint chomhchoiteann ann in RTÉ maidir leis an Ráiteas Seirbhíse Poiblí.

Is é an rud a léiríonn pléití le bainisteoirí sna rannáin go léir ná go ngníomhaíonn gach rannán ar leith as a stuaim féin i leith na Gaeilge. Creideann siad go léir go bhfuil oibleagáidí RTÉ á gcomhlíonadh acu faoin Ráiteas Seirbhíse Poiblí. Ach is é a leanann as an easpa comhtháthaithe maidir le beartas ná aschur ilroinnte Gaeilge nach féidir le cuid mhór bainisteoirí a mhíniú ná cúis mhaith a thabhairt ina leith.

Tá Coiste Comhairleach RTÉ maidir leis an nGaeilge bainteach go bunúsach le comhlíonadh oibleagáidí RTÉ faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Chuige sin, tá beartas Gaeilge ullmhaithe aige ar beartas é a bhaineann le húsáid na Gaeilge sa stáisiún, leis an bpobal agus ar líne. Ní dhéileálann sé le haschur Gaeilge.

Sa tréimhse 2003/2004 bhí grúpa tras-RGC (an Rannán Gnó Comhtháite in RTÉ) ann chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheistanna de gach cineál a bhaineann leis an nGaeilge agus thuairiscigh an grúpa sin don Ard-Stiúrthóir. Díscaoileadh an grúpa sin ó shin.

Straitéis don Ghaeilge 2010-2030

Rinne an Rialtas *an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* a ghlacadh sa bhliain 2010 mar straitéis uileghabhálach don Ghaeilge. Tá sé ráite ag RTÉ gur mian leis an eagraíocht ról a bheith aici maidir le tacú leis an straitéis sin.

Tá trí phríomh-aidhm ann sa straitéis

1. Cur le heolas ar an nGaeilge;
2. Deiseanna a chruthú le Gaeilge a úsáid;
3. Dearcthaí dearfacha i leith úsáid na Gaeilge a chothú.

Tá na spriocanna sin bunaithe ar an gcreidiúint nach leor eolas ar an teanga amháin chun úsáid na teanga a ráthú. Leanann úsáid iarbhír teanga as cumas, deiseanna agus dearcthaí dearfacha a bheith in éineacht lena chéile.

Mar spriocanna sonracha, is é seo a leanas a bhfuiltear ag súil leis mar thoradh ar an straitéis:

1. An líon daoine a bhfuil eolas acu ar an nGaeilge a mhéadú ó 1.66 m go 2m
2. An líon daoine a úsáideann an Ghaeilge gach lá a mhéadú ó 72,000 go 250,000 faoin mbliain 2028.

Déantar cuid mhór réimsí Gaeilge a tharraingt le chéile sa straitéis lena n-áirítear beartas, riarachán, formhaoirseacht, oideachas, na meáin, pleanáil teanga agus stádas oifigiúil, gan trácht ar réimsí eile.

Ról RTÉ mar atá leagtha amach sa Straitéis 20 Bliain

Pléitear ról na meán sa straitéis a mhéid a bhaineann an ról sin le cabhrú le cainteoirí Gaeilge forbairt a dhéanamh agus déantar tagairtí sonracha do RTÉ, do RTÉ RnaG agus do TG4 mar atá luaite thíos.

Déanfaidh RTÉ, an craoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí, normalú ar úsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ina gcuid craoltaí, rud a chuirfidh le rath Sheachtain na Gaeilge

Leanfaidh RTÉ ag forbairt Raidió na Gaeltachta agus ag tabhairt tacaíochta dó.

Is ceart go mbeadh tionscnaimh shonracha ann chun ligean do dhaoine óga agus don Diaspóra Éireannach rochtain a fháil ar raidió agus ar mhodhanna eile cumarsáide atá bunaithe ar chaint tríd an idirlíon agus trí chraoladh Digiteach Fuaime (cDF).

Tabharfar tuilleadh tacaíochta do TG4 le seirbhísí teilifíse trí Ghaeilge a chur ar fáil. Cuirfear go mór leis na roghanna fotheidealaithe le rogha a thabhairt idir fotheidil i nGaeilge, i mBéarla nó sa dá theanga agus ar an mbealach sin daingneofar go mór an rochtain ar TG4 a bheidh ag foghlaimoírí agus ag lucht úsáide na Gaeilge nach bhfuil líofa.

Sa chás seo arís, cé go bhfuil brí na moltaí soiléir níl siad an-sonrach agus is faoi RTÉ, faoi RTÉ RnaG agus faoi TG4 atá sé léiriú a dhéanamh orthu de réir mar is mian leo. Chun críoch an doiciméid seo, déileálfaimid leis na píosá a bhaineann le RTÉ, lena n-áirítear RTÉ RnaG.

Normalú

Is téama athfhillteach é ar fud an doiciméid an úsáid a bhaintear as normalú i gcomhthéacs RTÉ. Seo a leanas an sainmhíniú:

2 Normalització: may be translated in English as 'normalisation', but only if its meaning is appropriately explained [...]. [it] means [...] making the use of a particular language 'normal'.

In the Catalan case, this was characterized as required

- (i) the broadening of the demolinguistic base;*
- (ii) the establishment of a context of language rights and freedoms regarding the possibilities to use the language; and*
- (i) an increased awareness of the population (majority and minority alike) of the social relevance of the language being protected and promoted.*

These three objectives are strikingly convergent with our three conditions for the long-term vitality of a language, namely, capacity, opportunity and desire. The concept of normalització can be used to encapsulate them while at the same time stressing the political legitimacy and social relevance of the enterprise.

FOINSE: GRIN, FRANÇOIS, (2003): LANGUAGE POLICY EVALUATION AND THE EUROPEAN CHARTER FOR REGIONAL OR MINORITY LANGUAGES. (PP. 202-203) LONDON: PALGRAVE MACMILLAN.

I dtaca leis an sainmhíniú sin, dealraíonn sé gurb é atá sa chuid de is mó a bhaineann le RTÉ ná roinn (iii), is é sin, feacht mhéadaithe i measc an phobail (an tromlach agus an mionlach araon) ar an ábharthacht shóisialta a ghabhann le cosaint agus cur chun cinn na teanga. Is é RTÉ an bealach teilifíse agus raidió is mó dá bhfuil ann sa Stát agus tá an chumhacht aige stádas agus aitheantas a thabhairt don teanga nach mbeadh orgáin eile de chuid an Stáit in ann a thabhairt di.

Baineann an tagairt shonrach sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* do Sheachtain na Gaeilge leis an gcleachtas atá curtha i bhfeidhm ag RTÉ le linn na féile dhá sheachtain Gaeilge a bhíonn ann i mí an Mhárta gach bliain. Le linn na tréimhse sin, déanann láithreoirí leanúnachais cláir a chur i láthair go dátheangach agus, le linn chlár uile an stáisiúin, déantar tagairt nó tugtar aitheantas don Ghaeilge ar bhonn níos minice ná mar a dhéanfaí thairis sin. De réir tuairiscí fánacha, measann cainteoirí Gaeilge gurb ionann an méid sin agus ráiteas láidir ar fhéiniúlacht agus is ionann é agus aitheantas a thabhairt do charachtar dátheangach na hÉireann de réir mar atá leagtha amach i gCairt RTÉ maidir le Craolachán Seirbhíse Poiblí.

Ag dul i dtreo straitéis Ghaeilge a chruthú

Tá roinnt ceistanna bunúsacha ann a d'fhéadfadh RTÉ a bhreithniú mar chuid de phróiseas cruthaithe straitéise comhleanúnaí Gaeilge.

Tar éis a bheith ag caint le bainisteoirí RTÉ, is léir go measann cuid mhór acu go bhfuil an iomarca airgid phoiblí á chaitheamh ar léiriú clár Gaeilge. Roimh straitéis nó beartas a chruthú don Ghaeilge, d'fhéadfadh sé gur mhaith an rud é tuairim na heagraíochta a leagan amach i dtaobh cad a bheadh oiriúnach mar shuim nó mar chéatadán a bheadh le cur ar leataobh chun ábhar Gaeilge a sholáthar.

1. An féidir an leithroinnt sin a chomhaontú agus a leagan amach?
2. An ceart baint a bheith ag an bhfigiúr sin le céatadán den láimhdeachas nó le líon áirithe uaire an chloig?
3. Conas a dhéantar an méid ceart a ríomh? An ceart é a bheith bunaithe ar dhéimeagrafaíocht?
4. Conas a leithroinnfear an méid seo thar na seirbhísí go léir?
5. An féidir le RTÉ luach neamh-airgeadaíochta na Gaeilge don stáisiún, i dtéarmaí a chuid oibleagáidí dlíthiúla agus a chúraim seirbhíse poiblí a shainiú agus a shoiléiriú?

Roinn 2: Caoinfhulaingt dhea-mhéiniúil na Gaeilge in RTÉ

Forléargas

Déanann RTÉ cláir Ghaeilge a chraoladh don phobal ar na modhanna seo a leanas:

Teilifís RTÉ, RTÉ Raidió 1, cláir a sholáthar do TG4, Nuacht ar Raidió agus ar Theilifís RTÉ, agus RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Teilifís RTÉ

Tá laghdú mór déanta ag Teilifís RTÉ ar a aschur Gaeilge le roinnt blianta anuas. D'fhéadfadh sé gur tharla sé sin ós rud é go measann RTÉ gurb ionann uair an chloig sa lá a sholáthar do TG4 agus a rá go bhfuil oibleagáidí RTÉ mar atá leagtha amach i Roinn 1 den doiciméad seo á gcomhlíonadh.

Léiríonn pléití leis an lucht bainistíochta teilifíse go meastar maidir le cláir Ghaeilge a sholáthar gur ní é a dtuigtear ina leith nach mór é a dhéanamh ach nach bhfuil aon chomhaontú ann i dtaobh conas é a dhéanamh, cé mhéad clár atá le soláthar ná cén cineál clár is ceart a bheith ann. Roinnt blianta ó shin, cuireadh “aonad” Gaeilge, faoi cheannas Léiritheora Feidhmiúcháin, in ionad na roinne Gaeilge. I mí na Nollag 2011, tuairiscíodh¹ go raibh cinneadh déanta ag RTÉ an líon clár Gaeilge a laghdú 35% sa bhliain 2012. Tá díscáileadh sealadach déanta ar an aonad Gaeilge agus tá an fhoireann sin á sannadh chuig réimsí eile san idirlinn. Is beag an méid spéise atá léirithe ag an bpobal mar fhreagra ar an tuairisc nuachta sin. Is é atá in aschur Gaeilge Theilifís RTÉ anois ná mír amháin ar RTÉ a hAon ag 7.30 tráthnóna Dé Luain.

Buantéama de chuid na bpléití le bainisteoirí ab ea an brú chun rátálacha arda a sholáthar. Mar thoradh ar an meath atá tagtha ar ioncam fógraíochta ar Theilifís RTÉ le déanaí, tá méadú tagtha ar na brúnna tráchtála atá ar an mbealach teilifíse agus tá méadú tagtha ar an mbrú atá ann chun rátálacha arda a bhaint amach i dtaca le gach clár ar leith. Tá torthaí maithe á mbaint amach ag cláir Ghaeilge ag an seal ama atá acu faoi láthair agus soláthraíonn siad sciar 12%-18% den lucht

¹ Laghdú 35 faoin gcéad ar líon na gclár Gaeilge ar RTÉ i 2012

féachana. Meastar gur figiúr inghlactha é sin ós rud é go gcaoltar iad an tráth céanna le Coronation Street ar TV3 agus ar UTV a bhfuil sciar tuairim is 30% den lucht féachana acu.

Sa bhliain 2011, rinne Teilifís RTÉ a hAon 45 leathuaire de chlár Ghaeilge a chur ar fáil. RTÉ a mhaoinigh formhór na gclár sin ach, i gcásanna áirithe, fuair siad maoiniúchán breise ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann (ILBF). Is iad seo a leanas na príomh-shraithchlár a bhí ann:

Cloch le Carn	3 x 30	RTÉ
Abhainn	3 x 30	RTÉ
Scannal	12 x 30	RTÉ
Dance Off	6 x 30	ILBF
An Cór	4 x 30	RTÉ
Réabhlóid	4 x 30	RTÉ
Mamó	4 x 30	ILBF

Is é atá sa seal lena mbaineann ná roinnt mion-shraithchlár a cuireadh in ionad ‘Léargas’. Rinneadh amhlaidh le go mbeadh úrnuacht ag baint leis an seal agus chun raon níos leithne clár a sholáthar. Bhí roinnt léiriúchán singile ann sa líon iomlán. Sa bhliain 2013, déanfar an líon sin a laghdú go 28 gclár leathuaire.

Tuairimí an Lucht Bainistíochta

Maidir leis an gcuid is mó bainisteoirí ar labhraíodh leo, bhí tuairimí dearfacha acu faoin nGaeilge ar RTÉ a hAon. Measann roinnt daoine go gcuireann sé le “Éireannachas” an bhealaigh teilifíse agus go ligeann sé do RTÉ gné shainiúil a bheith aige laistigh de thírdhreach teilifíse atá ag éirí níos domhanda i gcónaí. D’aontaigh beagnach gach duine nach raibh aon áit ann dó ar RTÉ a Dó mar gheall ar na deacrachtaí atá le sárú ag an mbealach sin cheana féin.

Nuair a cuireadh ceist faoi uailmhianta i leith clár Gaeilge, bhí téama comhchoiteann ann sa mhéid go rabhthas den tuairim go mbíonn sé deacair seal ama a aimsiú ar lena linn a d'fhéadfadh clár déanamh go maith. Mhol roinnt daoine gur ceart úsáid a bhaint as Gaeilgeoirí clúiteacha de chuid RTÉ amhail Gráinne Seoige, Dáithí Ó Sé, Maura Derrane agus Bláthnaid Ní Chofaigh. Os a choinne sin, áfach, bhí daoine eile den tuairim nach bhféadfaí lucht féachana níos mó a bhaint amach ar RTÉ a hAon trí dhaoine iomráiteacha den sórt sin a úsáid mar gheall ar an lucht féachana beag Gaeilge atá ar fáil.

Cuireadh craoladh clár beo Gaeilge as an áireamh freisin ós rud é nach bhféadfaí iad a fhotheidealú agus, dá bhrí sin, go n-eisiafaí cion mór den lucht féachana. Tá an chonstaic seo ar chlár bheo Ghaeilge ina cúis le laghdú tráthúlachta ó thaobh ábhar de rud a fhágann go mbíonn sé an-deacair clár Ghaeilge atá cothrom le dáta a chur ar fáil.

Bhí roinnt daoine den tuairim go bhfuil easpa comhaimsearthachta ann i dtaca le clár Ghaeilge agus go bhfuil an chuma chéanna agus an mothú céanna ann maidir le gach ceann acu.

Moladh go bhféadfadh féidearthachtaí a bheith ag baint le clár maith stiúideo ach ba é a bhí sa tuairim ghinearálta ná go mbeadh sé an-deacair, i bhfianaise na hiomaíochta ar bhealaí eile, údar maith a thabhairt i ndáil le seal ama dá leithéid.

Rátálacha vs cúram seirbhíse poiblí

Go hachomair, is é a leanann as an mbrú chun rátálacha arda a bhaint amach ar Theilifís RTÉ san aeráid dhúshlánach tráchtála atá ann faoi láthair ná bac ar thuilleadh clár Gaeilge a thaispeáint mura rud é go mbeidh rátálacha arda ann dá mbarr. Mar mhalairt air sin, úsáidtear clár Ghaeilge le linn sealanna mórchaillteanais mar mhaolán i gcoinne iomaíochta láidre. Ligeann an cur chuige sin do RTÉ cuid dá chúram seirbhíse poiblí a chomhlíonadh gan seans a bheith ann go gcaillfear cuid de sciar an mhargaidh.

Dá bhrí sin, cé go bhféadfadh sé go bhfuil dea-thoil agus caoinfhulaingt dhea-mhéiniúil ann i leith na Gaeilge, ní dóigh go mbeidh deis ann chun leathnú a dhéanamh uirthi ar RTÉ a hAon sna himthosca atá ann faoi láthair. Tá fianaise air sin le fáil freisin sa mhéid go bhfuil rochtain ag RTÉ saor in aisce ar ábhar Gaeilge amhail Ros na Rún agus clár fhaisnéise Nuacht TG4, ach tá rogha déanta aige gan an t-ábhar sin a chraoladh.

Raidió 1

Ábhar Gaeilge

Craolann RTÉ Raidió 1 uair an chloig sa tseachtain d'ábhar Gaeilge. Léiríonn Raidió 1 na cláir; craoltar iad den chéad uair ar RTÉ RnaG agus, ina dhiaidh sin, craoltar iad idir 7pm agus 8pm tráthnóna Dé Sathairn.

Craoltar an Nuacht freisin ar an stáisiún ar 12.30pm agus ar 3.30pm. Nuacht RTÉ a léiríonn an t-ábhar sin.

Déantar léiritheoir amháin de chuid RTÉ Raidió 1 a úsáid i gcomhair clár Gaeilge. Ach tuairiscíonn an duine sin do Edel Ní Chuireáin in RTÉ RnaG.

D'fháiltigh Raidió 1 roimh an bplé faoi ábhar Gaeilge. Tá an tseirbhís reatha ann mar leagáid ón am atá caite seachas mar sheirbhís shaincheaptha agus tá fonn ar an lucht bainistíochta gabháil do phléití faoin todhchaí. Ach níl aon phleananna ann faoi láthair chun an t-ábhar Gaeilge a fhorbairt.

Solúbthacht dátheangachais

Maidir leis an seal ama reatha tá solúbthacht ann chun cláir níos tarraingtí don lucht féachana a léiriú, ar cláir iad ina mbeadh ceol, agallaimh agus comhrá dátheangach. Tá an t-ábhar atá ann faoi láthair bainteach le cúrsaí acadúla, tá sé dírithe ar chúrsaí teanga agus ní ábhar topaiciúil atá ann.

Tá Raidió 1 réidh chun bheith níos samhlaíche nó níos réamhghníomhaí i dtaca leis na cláir atá ann, ach glacann sé leis gur dóichí ná a athrach nach n-infheisteoidh sé acmhainní breise i gcláir Ghaeilge mar gheall ar riachtanais maidir le sceidealú agus mar gheall ar bhrúnna tráchtála ar a sheirbhís.

Maidir le húsáid ócáideach na Gaeilge ag láithreoirí ar Raidió 1, tá an stáisiún réidh leis an úsáid sin a mhéadú i gcás láithreoirí leanúnachais agus laistigh de chláir ar choinníoll nach é a leanann as ná cóir ainmniúil a thabhairt don Ghaeilge agus nach mothaíonn daoine nach mór dóibh í a úsáid.

Rinneadh tagairtí don úsáid ócáideach a bhaineann Marion Richardson, Marian Finucane, John Creedon, Pat Kenny, gan trácht ar dhaoine eile, as an nGaeilge agus don éifeacht dhearfach a

ghabhann leis sin ar bhrandaíl an stáisiúin agus ar an lucht éisteachta. Luadh, áfach, go raibh cuid den fhoireann raidió diúltach faoin gcleachtas sin.

Bhí scrúdú déanta ar bhealaí chun cur leis sin (mar a dhéantar le linn Sheachtain na Gaeilge) agus measadh go bhféadfadh sé seo a bheith ina ráiteas suntasach, ar thaobh RTÉ, á rá go n-aithníonn sé cineál dátheangach a lucht éisteachta. D'fhéadfaí an normalú sin a leathnú thar an sceideal ar bhonn trialach i gcomórtais, i réamhráite, in agallaimh, in *segue*-anna, etc.

Cláir a sholáthar do TG4

Soláthraíonn RTÉ 365 uaire an chloig do TG4 gach bliain. Tá sé de cheangal ar RTÉ leis an dlí raon cuimsitheach clár a sholáthar sa Ghaeilge agus measann RTÉ go gcomhlíonann an soláthar sin oibleagáidí dlíthiúla RTÉ i leith cláir Ghaeilge a sholáthar faoin Acht Craolacháin.

Tá dhá chuid shainiúla ann sa soláthar do TG4, is iad sin, Nuacht agus fad 182.5 uair an chloig i gceist le gach cuid ar leith díobh. Is é atá sna cláir a sholáthraítear faoi láthair ná cláir a fhaightear ó ghréasáin eile, athchraoladh clár, cláir dhúbailte, airgead tirm, cláir choimisiúnaithe agus cláir chartlainne. Tagann an soláthar faoi réir prótacail atá comhaontaithe idir RTÉ agus TG4. Samhlaítear go ndéanfar na hacmhainní a leithroinntear don soláthar a laghdú go mór sna blianta atá romhainn.

Ní mór do RTÉ a bheith deimhin de nach ionann tuilleadh laghduithe ar na hacmhainní a leithroinntear do chláir Ghaeilge agus an bonn a bhaint de chomhlíonadh a oibleagáidí faoin Acht Craolacháin. D'fhéadfadh sé tarlú, mar thoradh ar leibhéal na leithroinnte atá ann faoi láthair, go mbeadh daoine in ann a rá go bhfuil TG4 á úsáid aige chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh ach go bhfuil an tseirbhís is saoire is féidir á tabhairt dó.

Nuacht RTÉ/Nuacht TG4

Nuacht RTÉ

Tá bunchreidiúint ann in RTÉ ar dá réir a chreidtear gur ceart don eagraíocht seirbhís nuachta Gaeilge a sholáthar. Is é atá sa tseirbhís reatha ná ábhar nuachta Gaeilge ar Theilifís RTÉ, ar TG4, ar

Raidió 1, ar 2fm, ar RnaG agus ar Lyric FM. Ar leith ó RnaG, áfach, seirbhís neamhleanúnach gan chomhordú atá ann.

Níl sé soiléir cén fáth go ndéantar Nuacht a chraoladh ar Theilifís RTÉ agus ar Raidió RTÉ agus ag na tráthanna a gcaoltar lena linn í. Ní raibh na bainisteoirí ar labhraíodh leo ar mhaithe leis an staidéar seo cinnte i dtaobh cén fáth a raibh nuacht á craoladh i nGaeilge acu ar Theilifís nó ar Raidió RTÉ nuair atá TG4 agus RnaG ann. Mheas cuid mhór acu gur saincheist leagáide a bhí i gceist leis sin agus go rabhthas á dhéanamh ar mhaithe leis an staid a choimeád gan athrú seachas ar aon chúis eile.

Ar an teilifís, d'fhéadfaí a mheas, maidir leis an gclár Nuachta 15 nóiméad ar 17.45 díreach roimh an bpríomhchlár nuachta Béarla, nach raibh ann ach 'rud a bhí le déanamh agus a bhí déanta' seachas é a bheith ann mar chuid de straitéis chinntitheach.

Mar an gcéanna, ní raibh aon duine in ann a rá go cruinn cén fáth go raibh clár Nuachta Raidió 1 ag 12.30 agus ag 15.30 á gcaoladh ná cén fáth go gcaoltar ag na tráthanna iad ná cén fáth go raibh na clár ar 2FM á gcaoladh ag 13.30 agus ag 16.30. Mheas roinnt daoine gur bealach tábhachtach a bhí ann chun an Ghaeilge a choimeád sa sceideal.

Is fiú a lua go bhfuil staidéar á dhéanamh faoi láthair ar bhealaí chun sábhálacha a aimsiú sa tseirbhís nuachta trí dhé-úsáid a bhaint as acmhainní i réimsí áirithe. Mheas an chuid is mó de na bainisteoirí ar labhraíodh leo gurbh é a bhí sa staidéar sin ná athbhreithniú práinneach agus go raibh sé tráthúil é a dhéanamh ós rud é nach bhféadfaí leanúint ar aghaidh a thuilleadh leis na costais agus na hacmhainní a bhí á leithroinnt do Nuacht (€8.45m sa bhliain, agus Nuacht TG4 san áireamh) agus nach raibh siad inchosanta i bhfianaise na ndúshlán seirbhíse agus airgeadais a bhí le sárú ag RTÉ faoi láthair.

Nuacht TG4

Is é atá sa tseirbhís nuachta ar TG4 ná clár leathuaire gach tráthnóna. Tá béim níos mó ar ghnéchlár ná mar atá ann i nuacht RTÉ agus tá béim níos mó ar chúrsaí réigiúnacha freisin. Mheas cuid mhór daoine ar labhraíodh leo nárbh ionann é sin agus clár iomlán nuachta i gcomhthéacs "seirbhís teilifíse Gaeilge na hÉireann" agus go mbeadh gá le feasacháin bhreise ar fud an tráthnóna le go mbeifí in ann a rá go bhfuil seirbhís iomlán nuachta á soláthar ag an mbealach teilifíse seo. Ach ní theastaíonn an cineál sin seirbhíse ó lucht bainistíochta TG4 faoi láthair mar go measann siad nach mbeadh á dhéanamh acu ach seirbhís nuachta RTÉ á macasamhlú. Dá gcinnfí go scoirfeadh seirbhísí

RTÉ, seachas RnaG agus Nuacht TG4, de nuacht a chlúdach trí mheán na Gaeilge, d'fhéadfadh sé gurbh fhiú athmhachnamh a dhéanamh ar an ábhar seo.

Raidió na Gaeltachta

Is é RTÉ RnaG a fhaigheann an leithroinnt is mó acmhainní ó RTÉ i leith na Gaeilge agus is é an tsuim a leithroinntear dó ná €12m.

Níl an fáltas ón infheistíocht sin i dtéarmaí sástachta lucht éisteachta chomh hintomhaiste céanna le réimsí eile d'aschur RTÉ mar nach bhfuil sonraí ann ina leith sin a fhágann gur féidir an leibhéal sin grinnscrúdaithe a dhéanamh. Ós rud é nach ndéanann sé fógraíocht, níl sé san áireamh sna gnáthshuirbhéanna náisiúnta JNLR. Cé go ndéanann sé a thaighde féin maidir leis an lucht éisteachta, bíonn an taighde sin bunaithe ar shampla beag agus, dá bhrí sin, níl sé chomh hiontaofa le modhanna eile a úsáidtear chun lucht éisteachta a thomhas.

Ós rud é nach ngineann RnaG aon ioncam do RTÉ measann roinnt daoine d'fhoireann RTÉ ina leith uaireanta go bhfuil saol níos éasca aige ná mar atá ann i gcodanna eile den eagraíocht mar gheall ar an easpa brúnna ó thaobh rátálacha nó feidhmíochta de.

Fíorluach RnaG

Dar le RnaG, áfach, go mbaineann fíorluach agus poitéinseal RnaG do RTÉ le comhlíonadh na hoibleagáide dlíthiúla atá ar RTÉ, leis an gcúram seirbhíse poiblí a chomhlíonann sé agus leis an íomhá a sholáthraíonn sé don stáisiún ar íomhá shainiúil Éireannach agus íomhá chultúrtha í.

Bunaíodh an stáisiún sa bhliain 1972 chun freastal ar chainteoirí Gaeilge laistigh den Ghaeltacht agus lasmuigh di. Tháinig an cinneadh chun é a bhunú mar thoradh ar fheachtas fada ar thaobh gníomhaithe Gaeltachta mar chuid de Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta. Tá sé faoi úinéireacht iomlán ag RTÉ agus níl aon reachtaíocht ar leithligh ann mar bhonn leis, rud nach bhfuil fíor i gcás TG4. Thosaigh sé trí chúpla uair an chloig a chraoladh sa lá do cheantair Ghaeltachta amháin agus tá leathnú déanta air ó shin ionas gur seirbhís náisiúnta ceithre huair an chloig is fiche é anois.

An Lucht Éisteachta

Cé go bhfuil fianaise mhaith ann chun a rá go ndéanann RnaG teagmháil leis an spriocghrúpa ina bhfuil éisteoirí Gaeltachta a bhfuil Gaeilge acu, is beag an méid fianaise atá ann chun a thaispeáint go bhfuil lucht éisteachta níos leithne ná sin aige. Is minic a bhíonn na pobalbhreitheanna MRBI bunaithe ar shamplaí an-bheag a thógtar i gceantair láidre Gaeltachta de ghnáth agus a ualaítear ina dhiaidh sin chun léargas foriomlán a sholáthar. Ní eolaíocht chruinn é seo mar go dtaispeánann na staidéir theangeolaíochta go léir go bhfuil líon fíorbheag áiteanna fanta in arb í an Ghaeilge teanga laethúil an tromlaigh agus gur ceantair Bhéarla iad an chuid is mó de na ceantair ainmnithe Gaeltachta gan ach céatadán íseal cainteoirí Gaeilge iontu. Beidh léiriú ar an méid sin le fáil sna mínithe nua ar Ghaeltacht faoin mBille Gaeltachta, ar ceantair iad a bheidh bunaithe ar dhálaí teangeolaíochta agus a fhoilseofar sa bhliain 2012.

Bhí drogall ann chun suirbhé mionsonraithe lucht éisteachta a dhéanamh le haghaidh RnaG mar gheall ar imní go bhféadfadh sé tarlú go dtaispeánfaí fírinne shearbh dá bharr. Ach ní ceart an rogha sin a chur as an áireamh mar go bhféadfadh sé nach gá bonnlucht éisteachta a shuíomh chun dul chun cinn amach anseo a thomhas. Is eol do lucht bainistíochta an stáisiúin go bhfuil a lucht éisteachta lárnach suite i gceantair Ghaeltachta agus go bhfuil laghdú ag teacht ar an lucht éisteachta sin de bharr pátrún aoise agus imirce. Taispeánann suirbhéanna gur i mBaile Átha Cliath agus i gCúige Mumhan atá an lucht éisteachta is lú (agus is iad sin na ceantair is mó daonra agus is mó fás ó thaobh na Gaeilge de). Tá an lucht éisteachta íseal freisin i measc aosach óg agus ní comhartha maith é sin i dtaca le réamh-mheastacháin ar an lucht éisteachta amach anseo.

Lucht éisteachta náisiúnta nó áitiúil?

An fíor-stáisiún raidió náisiúnta Gaeilge é RTÉ RnaG nó an seirbhís áitiúil é d'éisteoirí Gaeltachta?

Mar atá luaite cheana féin, is deacair léargas náisiúnta a fháil gan sonraí daingne a bheith ann faoin lucht éisteachta. De réir tuairiscí fánacha, áfach, cé go bhfuil lucht éisteachta láidir tiomanta ag an stáisiún is lucht éisteachta beag é. De bharr iomaíochta láidre ó stáisiúin eile Gaeilge i dtaca le héisteoirí de, tá tuilleadh fianaise ann a léiríonn nach gá go measann an daonra Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht gurb é RnaG stáisiún s'acusan.

Tábhacht na Gaeltachta

Sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*, tá tagairt ann do RTÉ RnaG agus don ghá le leanúint de thacaíocht a thabhairt dó agus d'fhorbairt a dhéanamh air agus baineann an tagairt sin freisin le téama comhchoiteann atá ann ar fud na Straitéise – is é sin le rá, tábhacht na Gaeltachta.

Glactar leis i gcoitinne ar fud na Straitéise, agus i ndoiciméid eile pleanála teanga, go bhfuil Gaeltacht láidir thar a bheith tábhachtach i dtaca le rath na Gaeilge de. Moltar sa Straitéis go ndéanfaidh na contaetha a bhfuil ceantair Ghaeltachta iontu pleananna sonracha teanga a tharraingt suas agus a chur i bhfeidhm do na contaetha sin.

Meastar go bhfuil ceantair Ghaeltachta thar a bheith tábhachtach i dtaca leis an teanga a thabhairt ar aghaidh ó ghlúin go glúin agus go soláthraíonn siad limistéar ina ndéantar saibhreas na teanga a chaomhnú agus inar féidir tumfhoghlaim a dhéanamh. Luaitear daonraí óige Gaeltachta sa Straitéis mar ghrúpaí a bhfuil tábhacht ar leith acu. Faoi láthair, tá sé á thabhairt faoi deara gurb é an Béarla an meán cumarsáide sa saol sóisialta i measc cuid mhór daoine óga cé go labhraíonn siad an Ghaeilge sa bhaile nó lena gcomharsana.

I láthair na huaire, tá athdhréachtú á dhéanamh ar theorainneacha na Gaeltachta mar thoradh ar chineál athraitheach na déimeagrafaice teangeolaíche. Seo a leanas ráiteas ó Dhonnchadh Mac Fhionnlaoich le linn díospóireachta sa Dáil ar an 11 Deireadh Fómhair 2011:

“The 20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030 envisages a new statutory definition of the Gaeltacht. This new definition of the Gaeltacht will be based on linguistic criteria rather than on specified geographical areas, as is currently the case. The new definition will be given statutory status under the Gaeltacht Bill which is to be published in 2012, in accordance with the Government’s Legislation Programme.

The Gaeltacht Bill will also provide for a language planning process whereby language plans will be prepared at community level for each Gaeltacht area. The development of a comprehensive language planning system at community level in the Gaeltacht is a key component of the 20-Year Strategy to ensure that the Irish language survives as a community language in the Gaeltacht. It is intended that every Gaeltacht community, ... will be empowered through the language planning process to determine its own future in the Gaeltacht”.

Is é a leanfaidh as teorainneacha nua na Gaeltachta ná ceantair ainmnithe i bhfad níos lú agus tabharfar aghaidh leo, sa deireadh, ar aimhrialtacht na staide atá ann i láthair na huair, is é sin, go bhfuil cuid mhór ceantar nach labhraítear Gaeilge iontu ina gceantair ainmnithe Gaeltachta.

Déanfar na teorainneacha nua Gaeltachta a tharraingt suas ar bhonn dhlús na gcainteoirí i ngach ceantar ar leith. Déanfar ceantair a ainmniú i gcatagóirí A, B nó C, agus sin ag brath ar an méid Gaeilge atá á labhairt sa cheantar lena mbaineann.

Beidh míniú nua na Gaeltachta tábhachtach i dtaca le RTÉ RnaG de agus é i mbun athmheastóireacht a dhéanamh ar dhéimeagrafaic a lucht éisteachta agus ar a phleananna don todhchaí.

Sceideal RTÉ RnaG

Tá sceideal an stáisiúin dírithe ar cheantair Ghaeltachta. Léiríonn na príomhshealanna ar RnaG i lár na maidine an tslí ina bhfreastalaíonn an stáisiún go formhór ar lucht éisteachta 'áitiúil'. Is é atá i bhformhór an sceidil i lár na maidine ná cláir réigiúnacha a fhreastalaíonn ar thrí Ghaeltacht, is iad sin, Gaillimh, Dún na nGall agus Ciarraí. Cé go bhfuil lucht leanúna tréan ann go háitiúil do na cláir sin, is beag an méid fianaise atá ann a léiríonn spéis iontu in áiteanna lasmuigh de na ceantair sin agus tagann laghdú ar an líon éisteachta i ngach Gaeltacht ar leith de réir mar a thagann an clár atá dírithe ar a gceantar chun deiridh.

Cé go meastar go bhfuil an bloc clár sin tábhachtach i dtaca lena chúram agus lena ábharthacht, is é an chuid dá sheirbhís é lena mbaineann an ghné náisiúnta is lú.

Tá triail bainte ag an lucht bainistíochta as roghanna eile sna sealanna sin thar na blianta, lena n-áirítear an seó dhá uair an chloig i lár na maidine a bhíonn ag craoltóirí eile, idir náisiúnta agus áitiúil. Ach measadh nár éirigh leis sin mar go raibh Gaeltachtaí áitiúla ag iarraidh clúdach áitiúil agus, dá bhrí sin, glacadh an múnla reatha ina bhfuil trí sheó éagsúla agus iad dírithe ar phobail éagsúla.

Éisteachta

Bíonn an líon is mó éisteachta ann ar bhonn náisiúnta thart ar na tráthanna a chraoltar nuacht, ag tosú leis an gclár dar teideal 'Adhmhaidin'. Bíonn líonta éisteachta an-athraitheach ann thar na réigiúin

éagsúla i lár na maidine agus bíonn líon ard ann i ngach réigiún ar leith le linn a sheala féin agus níl sé chomh hard céanna nuair a athraítear an fócas chuig ceantar eile Gaeltachta.

Bíonn líonta arda ann arís i ngach Gaeltacht tráth na nuachta ag am lóin ach tá laghdú gear le sonrú go díreach ina dhiaidh sin i gCiarraí agus i nDún na nGall. Léiríonn sé sin an treocht ar dá réir a éisteann éisteoirí Gaeltachta le clár go háirithe nuair atá sé dírithe go sonrach ar Ghaeltacht s'acu féin.

De réir fhigiúirí lucht éisteachta RnaG, tá 51% agus 37% den lucht éisteachta atá ar fáil ag Nuacht a hAon agus ag Nuacht a Sé faoi seach.

Is beag an méid fianaise atá ann ar éileamh ón lucht éisteachta ar RnaG tar éis 7pm ach, de réir tuairiscí fánacha, tá tábhacht mhór ag an seal sin i gcás lucht leanúna díograiseach an cheoil thraidisiúnta. Ach is féidir ceol traidisiúnta den sórt sin a fháil freisin ar sheirbhísí agus ar ardáin eile de chuid RTÉ agus TG4.

Na dúshlán atá le sárú ag RnaG amach anseo


Tá céim cinniúna sroichte ag RTÉ RnaG. Cé go bhfuil sé ag feidhmiú go maith ar son a chuid éisteoirí is dílse, tá an grúpa sin beag agus tá sé ag dul i laghad. Is é atá sa dúshlán atá le sárú ag an stáisiún ná leanúint de sheirbhís a sholáthar don ghrúpa beag sin agus, ag an am céanna, a ábharthacht agus a theagmháil le réimsí eile a mhéadú. Tá sé ráite ag an lucht bainistíochta go nglacann siad leis sin agus gurb eol dóibh cad iad na dúshlán atá le sárú acu.

Tá cultúr coimeádach ann in RTÉ RnaG agus d'fhéadfadh sé tarlú go gcuirfí i gcoinne athruithe ann. Tá sé sin intuigthe – lucht éisteachta traidisiúnta atá sa lucht éisteachta a bhfónann siad dó. Ach is é an lucht éisteachta *nach bhfónann siad dó* an réimse ina bhfuil an fás ag tarlú agus, le linn iarracht a dhéanamh teagmháil a dhéanamh leis an lucht éisteachta sin, ní mór dóibh a bheith radacach nó beidh siad iomarcach.

Facebook

Nuair atá margaíocht á déanamh i measc lucht éisteachta óige, agus nuair atáthar i mbun teagmhála le lucht éisteachta óige, úsáideann stáisiúin raidió a dhíríonn ar dhaoine óga Facebook mar mhodh

chun fanacht gar dá sprioclucht éisteachta. Úsáideann roinnt stáisiún raidió Gaeilge Facebook de réir mar is léir ón léaráid thíos:



Tá 1.5m úsáideoir Facebook ann in Éirinn san aoisghrúpa 15 bliana d’aois go 34 bliana d’aois. De réir suirbhé bhig neamhchonclúidigh ar leathanaigh Facebook agus ar phróifíil a úsáidtear chun stáisiún eile Gaeilge a chur chun cinn, is léir go bhfuil daoine óga ag aimsiú bealaí eile chun teacht ar Ghaeilge ar an raidió agus ar líne agus nach bhfuil RnaG ag déanamh go maith i dtaca leis na figiúirí seo de. Maidir le Anocht FM, ar fostáisiún é atá dírithe ar an óige, is ábhar mór buartha é nach bhfuil aon tarraingt ar líne aige, gan aon leathanach Facebook a bheith ann, rud nach amhlaidh i gcás stáisiún eile Béarla in Éirinn. Tá ceathrar daoine i measc 1.8 milliún úsáideoir Facebook tar éis spéis a léiriú in Anocht FM.

Mar atá luaithe cheana féin, ní figiúr dochloíte é sin, ach insíonn na treochtaí a scéal féin.

Eisceacht is ea Rónán Beo ar seó é a chraoltar i lár na hiarnóna ar RnaG agus a bhfuil 1,342 chara aige, is é sin, beagnach dhá oiread an líon leantóirí ar leathanach oifigiúil RnaG. Tá éileamh náisiúnta ar an seó seo agus tá dúil mhór ag cainteoirí Gaeltachta, agus cainteoirí nach cainteoirí Gaeltachta, sa láithreoir seo. Má tá aon chlár ann a chruthaíonn gur féidir le cláir Ghaeilge rath náisiúnta a bheith acu, is é seo an clár a dhéanann amhlaidh.

Léiríonn na sonraí seo go bhféadfadh lucht leanúna óg a bheith ann do chláir Ghaeilge ach ní mheastar i measc na gcainteoirí óga Gaeilge nach cainteoirí Gaeltachta iad gurb é RnaG an áit ina

bhfaighfear na cláir sin. Ní mór don stáisiún dianiarracht a dhéanamh má tá siad chun leas a bhaint as an bpoitéinseal sin agus má tá siad chun lucht éisteachta fadtéarma a ghnóthú.

NB – Ón tráth a rinneadh an suirbhé seo tá dianiarracht déanta ag RnaG chun a phróifíl Facebook a mhéadú agus tá os cionn 3,000 cara aige faoi láthair.

Caidreamh RnaG le RTÉ

Is féidir feabhas mór a chur ar an gcaidreamh atá idir lucht bainistíochta RTÉ agus RnaG. Is léir go bhfuil bearna tuisceana ann ar an dá thaobh agus is é a leanann as sin ná cosa a chur i dtalamh agus leithleachas. Gan aon amhras, cuirtear leis sin mar gheall ar an achar geografach agus ar an scarúint theangeolaíoch. Ní mór déileáil leis an mbearna seo sular féidir aon athchóiriú fóna a dhéanamh.

Tá sé mar a bheadh dhá champa chodarsnacha ann agus rachaidh sé sin chun dochair don chuid is lú den chaidreamh sa deireadh, is é sin le rá, RTÉ RnaG. Tá sé thar a bheith tábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfaidh RnaG a ról a ath-shainmhíniú agus go gcuirfidh sé faoi deara go mbeidh a ról amach anseo ábhartha a mhéid a bhaineann le RTÉ. Tabharfaidh sé sin údar maith i leith na leithroinnte i dtéarmaí atá intuigthe agus a bhfuil ciall leo. Tá an bonn le cur chuige nua straitéiseach san áireamh ag deireadh an tuairisc seo agus tá achoimre ann ar a bhfuil beartaithe ag RnaG maidir leis an ábhar seo.

Cinntí eile

Maoiniúchán poiblí amháin a chinnteoidh craoltóireacht Ghaeilge

Sa daonáireamh is déanaí a bhí ann, dhearbhaigh 1.7m duine go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt. Ach ní amharcann ach cion an bheag díobh sin ar chlár Ghaeilge ar an teilifís agus ní éistean ach cion an-bheag díobh le clár Ghaeilge ar an raidió. Laistigh den 1.7m duine sin, tá éagsúlacht mhór ann i dtaca le leibhéal agus doimhneacht an chumais, is é sin, daoine sa raon ó chainteoirí líofa a labhraíonn an Ghaeilge gach lá go daoine nach bhfuil ach eolas beag acu ar an teanga. Ach tá méadú ag teacht ar an líon daoine a deir go bhfuil eolas acu ar an teanga agus, le blianta beaga anuas, tá

laghdú tagtha ar an naimhdeas i leith na teanga. Is é atá sa treocht ná méadú ar an líon cainteoirí i limistéir uirbeacha agus laghdú ar an líon cainteoirí Gaeltachta.

Mar gheall ar fhiúirí ísle lucht éisteachta/féachana, níl ábhar Gaeilge inmharthana ó thaobh na tráchtála de agus, mar thoradh air sin, ní dóigh go dtiocfaidh aon orgán príobháideach meán Gaeilge chun cinn sa ghearrthéarma.

Dá bhrí sin, má tá Gaeilge le bheith á craoladh ní tharlóidh sé sin ach amháin i gcás ina bhfaightear maoiniúcháin stáit/poiblí.

Is cinnte gur mian le craoltóirí na caighdeán chéanna a chur i bhfeidhm maidir le cláir Ghaeilge agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le cláir a chraoltar i mBéarla. Ach, ós rud é nach bhfuil bonn maith tráchtála i gceist, bíonn na buiséid nach mór do léiritheoirí clár Gaeilge a úsáid i bhfad níos lú, de ghnáth, na buiséid a gcomhghleacaithe Béarla agus is dóigh go bhfanfaidh an staid sin mar atá.

Tionchar na mbuiséad ar cháilíocht agus ar lucht éisteachta/féachana amach anseo

Bíonn tionchar ag na buiséid ísle sin freisin ar thuarastail na ndaoine atá ag obair laistigh den earnáil. De ghnáth, tuilleann daoine a oibríonn sa chraoltóireacht Ghaeilge lasmuigh de RTÉ níos lú airgid ná a gcomhghleacaithe Béarla. Is cuid den saol réadach é sin. Ach ní féidir leis an éagothromaíocht sin leanúint de bheith ag méadú mar go mbeidh sé níos deacra, dá barr, daoine cumasacha léiriúcháin a mhealladh isteach san earnáil. Dá dhroim seo, d'fhéadfadh laghdú a bheith ann maidir le cáilíocht na gclár agus tiocfaidh laghdú eile ar an líon daoine sa lucht éisteachta/féachana. Ní mór do RTÉ cuimhneamh air sin de réir mar a thagann tuilleadh laghduithe ar a chuid acmhainní.

Critéir a ghabhann le leithroinnt acmhainní

I gcás RTÉ, beidh costas ag gabháil i gcónaí le cláir Ghaeilge gan ach fáltas beag airgeadais a fháil uaidh má fhaightear fáltas ar chor ar bith. Ach, mar chuid dá chúram seirbhíse poiblí agus dá oibleagáidí dlíthiúla, ní mór do RTÉ cláir Ghaeilge a sholáthar. Ní féidir, áfach, na critéir chéanna a chur i bhfeidhm maidir leis na cláir sin agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le réimsí eile. Mar gheall ar an lucht éisteachta/féachana beag atá ar fáil do na cláir, ní éiríonn le hargóintí i gcoinne acmhainní a

leithroinnt ar bhonn an fháltais airgeadais nó an líon daoine sa lucht éisteachta/féachana sa chomhthéacs seo.

Na critéir i leith céard é clár Gaeilge

Labhair roinnt daoine a bhí páirteach sa staidéar seo faoi chlár teilifíse dhátheangacha amhail Scannal agus faoin tslí ina raibh rochtain ag cainteoirí Béarla orthu.

Ach cheap daoine eile gur clár Bhéarla den chuid is mó a bhí sna cláir sin agus gan ach méid áirithe Gaeilge iontu a d'fhágfadh go bhféadfadh daoine nach cainteoirí Gaeilge iad na cláir a sheasamh. Mheas siad go ndéanann an brú chun dul sa tóir ar lucht éisteachta/féachana caolú ar an gclár ionas nach clár Gaeilge ná clár Béarla é. Maidir leis an gceist i dtaobh céard é clár Gaeilge, is ábhar díospóireachta í gcónaí í agus ní réiteofar í go dtí go dtiocfaidh an fhoireann eagarthóireachta le chéile chun roinnt bunrialacha a leagan síos.

Craoltóirí mar mhúinteoirí?

Tá craoltóirí Gaeilge den tuairim láidir nach bhfuil aon fhianaise ann in aon áit ar leas rathúil a bheith bainte as na meáin chun teanga a mhúineadh ná chun cur leis an líon cainteoirí. Thairis sin, ní fhéachann siad orthu féin mar mhúinteoirí Gaeilge.

Is é an tuairim atá acu faoin múinteoireacht ná gur ról é do ranganna teanga, do sheirbhísí ar líne, don chóras oideachais agus don phobal.

Is é an tuairim a bhí ag beagnach gach duine de na craoltóirí a bhí páirteach sa staidéar seo ná gur ceart go mbeadh meáin ardcháilíochta ar fáil chun freastal ar riachtanais daoine a roghnaíonn an teanga a fhoghlaim nó a labhairt.

Sin an fáth, i gcoitinne, go bhfuiltear i gcoinne craoltóireacht a dhéanamh i nGaeilge bhriste nó i nGaeilge de chineál fochaighdeánach. Bhíothas den tuairim nach mbeadh craoltóirí Béarla ag súil le héisteacht le Béarla de chineál fochaighdeánach.

Roinn 3: Moltaí do RTÉ

Forléargas

Ní mór do RTÉ comhleanúnachas a sholáthar láithreach maidir le haschur Gaeilge ar an teilifís, ar an raidió agus ar líne.

Ní mór cinntí maidir le leithroinnt acmhainní a bhunú ar chur chuige foriomlán straitéiseach. Ní mór leithroinnt acmhainní a bheith de réir na dtorthaí is mian a bhaint amach. Mura mbeidh na torthaí seo sainmhínithe go soiléir agus mura dtuigfidh siadsan ar fad atá páirteach iad, ní bheifear ábalta sin a dhéanamh.

Príomh-Mholtaí

An moladh foriomlán sa tuarascáil seo ná dul de réir an fhuinnimh: na hacmhainní atá ann a infheistiú sna réimsí ina bhfuil a gcroí agus n-anam sa nGaeilge cheana féin – is iad sin TG4 agus RTÉ RnaG.

Bíodh is go bhfuil laghdú ar acmhainní agus iad anois teoranta, déanann sé ciall maoiniú a leithroinnt sna réimsí is mó a bhfuil tairbhe astu - ó thaobh airgid agus oibleagáidí seirbhíse poiblí agus dlí.

Ba chóir go mbeadh a fhios ag pobal na hÉireann más mian leo ábhar i nGaeilge a fheiceáil agus a chloisteáil go bhfuil sin ar fáil dóibh ar fud na tíre, ar an gcaighdeán is airde agus go bhfuil RTÉ páirteach go hiomlán agus go cruthaitheach sa soláthar sin ar fud gach ardán.

Ba chóir do RTÉ acmhainní a dhíriú ar na nithe seo a leanas a fhorbairt:

1. RTÉ RnaG a bheadh láidir agus dírithe ar phobal náisiúnta, ar a mbeadh ábhar atá fréamhaithe sa nGaeltacht agus ábhar as an nGaeltacht ó chainteoirí Gaeilge.
2. TG4 bríomhar a chuirfeadh seirbhís náisiúnta teilifíse Gaeilge ar fáil lena n-áirítear seirbhís náisiúnta chuimsitheach nuachta.

- 3 Seirbhís teilifíse agus raidió ar RTÉ ar léir le breathnú orthu agus le n-éisteacht leo gur seirbhísí Éireannacha iad agus a mbeadh Gaeilge le feiceáil agus le cloisteáil níos minice sa bpríomh-chur i láthair, san ábhar agus ó phearsanra RTÉ.
- 4 Seirbhís amháin Nuacht RTÉ a chuirfeadh seirbhís nuachta Gaeilge chomhordaithe ar fáil don teilifís (TG4), don raidió (RTÉ RnaG) agus ar líne.

Ní mór cur chuige ag an ard-leibhéal a ghlacadh faoi stiúir an Phríomhstiúrthóra:

- a thabharfadh léirmhíniú cinnte ar oibleagáidí dlí RTÉ faoin Acht Craolacháin;
- a shainmhíneodh tuiscint RTÉ maidir le haschur Gaeilge i gcomhthéacs an Ráitis Craolacháin Seirbhíse Poiblí agus na Cairte Craolacháin Seirbhíse Poiblí. Ní mór a bhreithniú ar cheart sin a shainmhíniú i dtaobh tiomantais ama nó acmhainne;
- Cuspóirí soiléire a shannadh do gach réimse ina soláthraítear ábhar;
- Monatóireacht rialta ar fheidhmiú na gculpóirí;

Ba chóir grúpa, faoi stiúir an Phríomhbhainisteora, a bhunú chun gach ceann de na moltaí thuas a chur i bhfeidhm. Ba chóir ionadaíocht a bheith ag gach réimse aschuir Gaeilge in RTÉ, TG4, Coiste Comhairleach RTÉ maidir leis an nGaeilge agus Nuacht ar an ngrúpa. Bheadh comhairle dlí riachtanach in aon léirmhíniú ar oibleagáidí RTÉ.

Nuair a bheadh an chéad chéim den obair seo tugtha chun críche, tá sé molta ról reatha an Bhoird Chomhairligh Gaeilge a leasú/a shíneadh le go dtiocfadh monatóireacht agus tuairisciú ar sholáthar ábhar Gaeilge faoin ról sin.

Bá a chothú leis an teanga

Tá roinnt tuisceana ann go gcuireann an Ghaeilge le brandáil an stáisiúin agus don chás a dhéanann RTÉ maidir leis an táille ceadúnais in óráidí, i dtuarascálacha agus i gcairteacha. Is beag tuisceana

atá ann trí chéile, áfach, leis an leas is fearr a bhaint as an luach seo gan dochar a dhéanamh don scór féachana.

Aithníonn bainistíocht RTÉ gur amhlaidh an cás atá agus níor mian leo gur dualgas amháin a bheadh sa nGaeilge ar an stáisiún – gur rud é a chaithefear a dhéanamh le drogall mar a déarfá.

Bíodh is go bhfuil laghdú ar na hacmhainní atá ar fáil do RTÉ – agus go bhfuil brú tráchtála ar gach aon cheann de na príomhbhealaí (RTÉ One, Radio 1) – ní dóigh go ndéanfar ná go gcrálfar breis ábhar i nGaeilge ar na bealaí sin. Má chuirtear iallach orthu sin a dhéanamh agus gan an bá ann is amhlaidh is mó doichill a bheidh ann in aghaidh na teanga.

Moltaí do RTÉ RnaG

Plean forbartha a chur i bhfeidhm

Ba chóir tacú le plean forbartha straitéise RTÉ RnaG atá leagtha amach faoi iamh agus í a chur i bhfeidhm láithreach. Tá tuiscint sa stáisiún go bhfuil athrú le déanamh agus ba chóir tógáil ar an tuiscint sin. Baineann an plean forbartha le go leor lena bhfuil leagtha amach sa tuarascáil seo agus lena bhfuil fúthu a bhaint amach ar líne.

Níl sé molta aon laghdú eile a dhéanamh ar leithroinnt acmhainne RTÉ RnaG ag an tráth seo de bharr an tionchar diúltach a bheadh aige ar an bpróiseas seo. Samhlaítear, áfach, nuair a bheadh an plean straitéise á fhorbairt go mbeifí den tuiscint go mbeadh leithroinnt le laghdú.

NB- Tá dul chun cinn déanta ar an bplean forbartha ó scríobhadh an tuarascáil seo agus tá sé á bhreithniú ag feidhmeannaigh RTÉ faoi láthair.

Díriú ar lucht éisteachta nua

Ba chóir díriú go láidir ar lucht éisteachta óg agus nach as an nGaeltacht iad mar chuid den phróiseas seo lena chinntiú go mbeidh forás ar an stáisiún amach anseo. D'fhéadfaí ábhar ó stáisiúin eile a bhfuil an lucht éisteachta sin acu a chraoladh tar éis an 7 pm, am a bhfuil tóir ag lucht éisteachta óg air. Ba chóir straitéis margaíochta digítí (m.sh. úsáid a bhaint as Facebook , Twitter agus láithreáin ghréasáin idirghníomhacha) le greim a fháil ar an lucht féachana nua seo a bheith i gcroí-lár aon straitéis forbartha.

Obair i gComhar

D'fhéadfaí tionscnaimh a thabhairt isteach le cur le caidrimh a thabharfadh an deis d'fhoireann RTÉ RnaG roinnt ama a chaitheamh in RTÉ Radio 1 agus an bealach eile thart. D'fhéadfadh malartú ar phearsanra, níos mó leasa a bhaint as rannpháirtithe RnaG ar sheirbhísí eile RTÉ agus comhthionscnaimh Gaeilge a bheith ar chuid de sin.

Forbairt Foirne

Tugadh ar aird gur beag traenála a bhí á chur ar an bhfoireann in RTÉ RnaG lasmuigh de thraenáil i gcúrsaí teicneolaíochta. Tá sé molta go mbeadh sceideal mionsonraithe tionscnamh d'fhorbairt foirne ag dul leis an bplean nua straitéiseach.

Moltaí do Theilifís RTÉ

Ní mór féachaint an athuir ar nádúr agus ar chostas riachtanais aschuir RTÉ mar nach bhfuil aon chiall go heacnamaíoch leis i gcomórtas le réimsí eile aschuir. Ní mór leas a bhaint as méid agus scóp Teilifís RTÉ chun tairbhe na teanga agus bhranda RTÉ féin.

Dátheangachas a Normalú agus a Chur Chun Cinn

Tá an chumhacht ag RTÉ tacú go láidir leis an nóisean gur tír dhátheangach í Éire. Tá an cainéal in ann cuidiú le normalú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge agus bheith ina thairseach do chlár Ghaeilge ar sheirbhísí eile trí chlár a chur chun cinn ar fud gach ardán.

D'fhéadfadh Teilifís RTÉ cur go deas réidh le a mhíne is a bhíonn Gaeilge in úsáid i gcúrsaí leanúnachais agus láithreachta. Bealach láidir é seo le normalú a dhéanamh ar an teanga agus d'fheicfeadh níos mó den lucht féachana seachas iadsan a fhéachann ar chlár Ghaeilge RTÉ an Ghaeilge á húsáid. Tugann sé stádas don teanga freisin ó tharla í a bheith i lár an aonaigh ag an gcraoltóir náisiúnta. Lena chinntiú nach bhféachfaí air seo mar shop in áit na scuaibe níor cheart ach daoine a bhfuil an Ghaeilge ar a dtail acu a úsáid. Ba chóir leanúnachas Gaeilge/sa dá theanga a shíneadh de réir a chéile amach go dtí an Domhnach, saoirí poiblí, saoirí reiligiúnda agus ócáidí speisialta eile.

Leas a bhaint as clár TG4

Ba chóir do RTÉ an chuid is fearr de chlár TG4 a thaispeáint. Tá TG4 ag craoladh anois le breis is 15 bliain. Dá bhrí sin tá díol 10 mbliana clár ar fáil a bhfuil na cearta ar ais arís ag an léiritheoir agus d'fhéadfaí na clár seo a thaispeáint ar chostas an-bheag do RTÉ. Thabharfadh sé chun solais freisin caidreamh RTÉ le TG4, go bhfuil sé ag tacú agus ag cur le TG4 agus le craolachán i nGaeilge tríd is tríd.

Maoiniú Seachtrach

D'fhéadfadh RTÉ leas níos éifeachtaí a bhaint as Scéim 'Fuaim agus Fís' an BAI maidir le clár díol suntais, stairiúla, oideachais agus cultúir. D'fhéadfadh RTÉ clár Ghaeilge ar ard-chaighdeán a chur ar fáil ag baint leasa as an múnla seo, clár nach gcraolfaí chomh minic le clár eile ach a mbeadh tionchar níos mó acu. D'fhéadfadh na clár seo dul le clár fhaisnéise Béarla eile sa réimse Ealaíona agus Stair.

Aonad Gaeilge

Sa chás go ndéanfaí Aonad Gaeilge Teilifís RTÉ a athbhunú d'fhéadfadh an tAonad a bheith freagrach as aschur TG4, cláir TG4 a cheannach le craoladh ar RTÉ, maoirsiú a dhéanamh ar choimisiúnú Gaeilge faoi Scéim 'Fuaim agus Fís' an BAI agus comhordú a dhéanamh ar imeachtaí speisialta eile ar nós Seachtain na Gaeilge, féilte náisiúnta agus ócáidí stáit.

Leas as an tsamhail coimisiúnaithe

Má tá RTÉ le leanúint ag déanamh clár dá sceidil féin moltar go mbainfeadh sé leas as an tsamhail coimisiúnaithe seachas a bheith á ndéanamh go himhneánach. Tá an cháil ar an earnáil neamhspleách Gaeilge go seachadann siad cláir in am ar níos lú airgid ná an tsamhail léirithe inti.

Moltaí do Raidió RTÉ

Tá RTÉ Radio 1 ag feidhmiú faoi bhrú mór tráchtála i margadh atá fíor iomaíoch. Ní dóigh mar sin go dtiocfaidh aon ardú ar leithroinnt acmhainní don Ghaeilge.

Amhail is Teilifís RTÉ One tá lucht éisteachta mór ag RTÉ Radio 1 a chuideodh le stádas a thabhairt don Ghaeilge agus normalú a dhéanamh uirthi. Tá seo á dhéanamh cheana ag roinnt craoltóirí agus tionchar mór aige. Moltar go bhféachfaí ar gach deis atá ann le leanúint leis sin agus cur leis amhail is atá molta do Theilifís RTÉ.

Maoiniú seachtrach

Tugtar ar aird nach ndéanann Raidió RTÉ aon iarratas ar mhaoiniú ó Scéim 'Fuam agus Fís' an BAI do chláir Ghaeilge. Is acmhainn luachmhar í seo a d'fhéadfaí a úsáid le cláir ard-chaighdeán aonair a dhéanamh d'fhéilte náisiúnta, ar ócáidí ceiliúrtha nó comórtha srl.

An t-am atá ag cláir Ghaeilge sa sceideal mar atá

Sa chás is gur mian le RTÉ leanúint leis an uair an chloig de chláir Ghaeilge sa tseachtain mar atá moltar go bhféachfadh bainistíocht Radio 1 arís ar an ábhar féachaint ar léiriú é ar an gcineál ábhair atá ón stáisiún. Ní am an-iomaíoch atá san am seo sa sceideal agus dá bhrí sin d'fhéadfaí a bheith níos dána leis an ábhar.

Tá deis freisin ann, áfach, cartlann RnaG a chraoladh san am sin sa sceideal gan costas ar bith don stáisiún ach ag an am céanna ag cur próifíl RnaG agus an obair a dhéanann sé chun cinn.

Moltaí do Nuacht

Bíodh is go bhfuil sé ar an bpríomhsholáthróir nuachta craolacháin Gaeilge in Éirinn tá deis ag RTÉ anois féachaint arís ar an tseirbhís Nuacht agus an tseirbhís Nuacht a dhíriú ar fud gach stáisiún.

An teacht atá ar ábhar a shruthlíniú

Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcoincheap agus ar an smaoineamh “seirbhís nuachta agus cúrsaí reatha Gaeilge a sholáthar” agus sruthlíniú a dhéanamh ar an ábhar reatha ar bhealach intuigthe a bhfuil sé éasca acusan a bhaineann leas as teacht air. Mar chuid de sin, féachaint ar an gcúis go n-úsáidtear Gaeilge ar Radio 1, 2FM agus Lyric FM. TG4 agus RTÉ an baile is dual don tseirbhís chuimsitheach seo. Sa chás is go socraítear deireadh a chur leis an gclúdach nuachta Gaeilge ar sheirbhísí RTÉ, seachas RTÉ RnaG agus TG4 ba chóir féachaint arís ar nádúr na seirbhíse nuachta a sholáthraítear do TG4.

Seirbhís nuachta ar líne a fhorbairt

Tairseach nuachta ar líne i nGaeilge a fhorbairt a nascfadh le láithreáin cúrsaí reatha agus nuachta eile Gaeilge. Creidtear é seo a bheith ar na bacáin ag Nuacht TG4 ach ní mór aghaidh a thabhairt air

laistigh de straitéis dhigiteach fhoriomlán RTÉ. Tá fianaise ann go bhfuil éileamh mór ar sheirbhís Ghaeilge ar líne ach nach bhfuil aon áit amháin ann faoi láthair le teacht ar a leithéid.

Acmhainní pearsanra a athbhreithniú

Ní mór do RTÉ féachaint láithreach ar an líon foirne agus an dúbailt foirne atá ar fud trí sheirbhís Nuachta RTÉ, TG4 agus RTÉ RnaG. Ní mór féachaint freisin ar líofacht agus ar chumas na foirne a bhíonn i mbun cláir Bhéarla féachaint le leibhéal ard Gaeilge a shníomh isteach go réidh i gcláir.

Seirbhís Chuimsitheach Nuachta ar TG4

TG4 an baile is dual do sheirbhís nuachta teilifíse chuimsitheach. Moltar féachaint ar an bhféadfaí seirbhís feasacháin a sholáthar ar an stáisiún le dul leis an bpríomhnuacht ag 7pm. Bheadh ansin seirbhís nuachta Ghaeilge ar fáil in aon áit amháin agus shábhálfadh roinnt mhaith airgid ar RTÉ gan aon seirbhís a chailleadh.

Gníomhaireacht Nuachta Gaeilge a Fhorbairt

Ní eile a bhféadfaí féachaint air ná seirbhís nuachta Ghaeilge neamhspleách a bhunú (Seirbhís Nuachta Gaeilge) a sholáthródh nuacht do raidió, teilifís agus ar líne do gach seirbhís faoi RTÉ chomh maith le freastal ar riachtanais a bheadh ag cliaint sheachtracha. Leis seo d'fhéadfadh go dtiocfadh forbairt ar iriseoireacht ilardáin seachas an cur chuige atá ann faoi láthair – an disciplín aonair.

Moltaí i ndáil le cláir a sholáthar do TG4

Tá laghdú mór tagtha le blianta beaga anuas ar an gcostas a bhaineann le cláir a sholáthar do TG4. Is beag ábhar de seo a dhéantar go himheánach in RTÉ. Is dócha gur mar sin a leanfaidh sé mura dtiocfadh athrú béime. Má leanann RTÉ le laghdú a dhéanamh ar an aschur Gaeilge ar a chuid

cainéal féin agus ag an am céanna go laghdóidh sé na hacmhainní a leithroinntear ar an soláthar do TG4 d'fhéadfadh ceist a bheith faoi an bhfuil sé ag comhlíonadh a oibleagáidí seirbhíse poiblí agus dlí.

Moltar anseo, sula dtabharfar faoi aon chiorruithe eile, nach mór léirmhíniú foriomlán an Achta a shainmhíniú agus an leithroinnt acmhainne ar fud gach seirbhís a chomhaontú.

Achoimre ar thogra maidir le straitéis trí bliana RnaG



Achoimre ar thogra ó RTÉ Raidió na Gaeltachta maidir le Straitéis 3 Bliana a Fhorbairt

Beidh 40 bliain i mbun craoltóireachta á cheiliúradh ag RTÉ RnaG sa bhliain 2012. Tharla cuid mhór athruithe sa chraoltóireacht Ghaeilge agus i ndéimeagrafaic na Gaeilge sa 40 bliain seo caite agus measann RnaG go bhfuil se éigeantach go ndéanfar athbhreithniú iomlán ar chur chuige agus ar modus operandi an stáisiúin chun a chinntiú go bhfuil an stáisiún (a) ábhartha do lucht éisteachta atá ag athrú agus (b) ag oibriú chomh héifeachtúil agus is féidir agus, dá bharr sin, á chinntiú go bhfuil RnaG oiriúnach dá chuspóir.

Nuair a bunaíodh RTÉ RnaG sa bhliain 1972, ba é a bhí san aon chúram a bhí aige ná seirbhís raidió a sholáthar don daonra Gaeilge sa Ghaeltacht. Tá athruithe substaintiúla tar éis tarlú i ndéimeagrafaic na Gaeilge ó shin i leith, áfach, agus tá laghdú tagtha ar an líon cainteoirí sa Ghaeltacht mar aon le méadú ar an líon daoine a labhraíonn Gaeilge lasmuigh de na teorainneacha traidisiúnta Gaeltachta.

B'ionann bunú Theilifís na Gaeilge sa bhliain 1996 (TG4 anois) agus an chéad athrú mór ar an tírdhreach craoltóireachta Gaeilge le 24 bliana. Cé go bhfuil feacht leathan ar TG4 lasmuigh de limistéir Ghaeltachta, ní mór a rá gur sainmhíníodh cuspóir TG4 le linn na ré nua-aimseartha seo agus go bhfuil an sainmhíniú ar chuspóir RTÉ RnaG fréamhaithe go daingean sna léirsithe Gaeltachta as ar lean cruthú an stáisiúin sa bhliain 1972.

Mar chuid de Straitéis 3 Bliana RTÉ RnaG déanfar athbhreithniú agus scrúdú cuimsitheach ar gach gné den tseirbhís agus is é an aidhm a bheidh ann ná plean gníomhaíochta comhthéacsaithe a fhorbairt do na trí bliana atá romhainn.

Seo a leanas cuid de na gnéithe a scrúdófar:

- an déimeagrafaic Ghaeilge athraitheach agus conas fónamh di
- straitéis struchtúrtha ar líne a fhorbairt
- ról agus cuspóir na margaíochta do RnaG
- na modhanna ina n-úsáideann an lucht éisteachta RnaG

- ról RnaG maidir le hoideachas Gaeilge
- ról RnaG laistigh de sheirbhísí craoltóireachta Gaeilge RTÉ
- ionad RnaG laistigh de struchtúr foriomlán RTÉ agus caidreamh RnaG leis an struchtúr sin
- dearcadh na foirne maidir lena ról laistigh de RTÉ agus laistigh de RnaG
- barainneachtaí agus comhoibriú feabhsaithe thar sheirbhísí Gaeilge RTÉ
- caidreamh leis an lucht éisteachta
- luach cultúrtha agus airgeadais RnaG do RTÉ, i dtéarmaí cúraimí reachtacha a chomhlíonadh
- an fhéidearthacht go méadófar feasacht agus an líon daoine sa lucht éisteachta sa mhargadh *nach labhraítear Gaeilge ann*
- acmhainní amhail ábhar cartlainne a úsáid
- ról RnaG maidir le hábhar a sholáthar do sheirbhísí eile de chuid RTÉ
- ról RnaG sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge

Déanfar an Straitéis a fhorbairt agus ionchur á fháil uathu seo a leanas:

- Lucht bainistíochta RTÉ RnaG
- Lucht bainistíochta RTÉ
- Foireann RTÉ RnaG
- Comhairle RTÉ RnaG
- Aiseolas ón lucht éisteachta agus ó pháirtithe leasmhara eile

Seirbhís Ar Líne

Mar chuid dá Straitéis 3 Bliana, beartaíonn RTÉ Raidió na Gaeltachta seirbhís ar líne atá leathnaithe go mór a sholáthar agus béim ar leith á leagan ar fhreastal ar fhoghlaimeoirí Gaeilge, agus ar dhaoine

atá ag cur feabhais ar a gcuid Gaeilge, ar daoine iad nach ndéantar freastal orthu faoi láthair in aschur craoltóireachta an stáisiúin. Déanfaidh RnaG amhlaidh trí úsáid a bhaint as ábhar bunaidh agus as ábhar oiriúnaithe agus trí chomhghuaillíochtaí straitéiseacha a chruthú le páirtithe iomchuí. Tá sé beartaithe ag an stáisiún freisin ábhar ar líne nuachta Gaeltachta, náisiúnta agus idirnáisiúnta a sholáthar agus a láithreán gréasáin a chur sa riocht go mbainfear úsáid mhéadaithe as gach lá sa mhargadh baile agus sa mhargadh coigríche araon. Tá sé tábhachtach go mbeidh na hacmhainní ag RTÉ RnaG chun seirbhís chomh suntasach sin a sholáthar ionas go mbeidh sé in ann dul isteach i margadh nach bhfuil freastal á dhéanamh air faoi láthair.